

Eagarfhocal

"Bí in Éirinn nó in Árann" - ceann de chuid mhaith seanráitis faoi Árann. Bhuel tá Pléaráca in Árann i mbliana agus an-riméad orainn a bheith ann. Bhíodh roinnt imeachtaí eagraithe in oileáin Árann againn thar na mblianta, is dóigh an ceann is spleodraigh a bhíodh ar bun i gcéad bhlianta na féile, sin é an maratón curach as Conamara isteach chuig na hoileáin. B'iad Guinness a rinne urraíocht ar an imeacht seo agus uair nó dhó tugadh baraille pórtair isteach i gceann de na curachaí. Bhíodh rásaí báid seoil as Ros a Mhíl go hInis Oírr ar feadh roinnt blianta freisin. Bhíodh an bád seoil *An Fámaire* ag taisteal thimpeall chósta Chonamara chomh maith agus grúpa ceoltóirí ar bord agus stopadh siadsan in Árann. Ní raibh an oiread sin imeachtaí dá reachtáil ar na hoileáin le roinnt blianta agus mar sin tá muid thar a bheith bródúil go bhfuil an fhéile go huile agus go hiomlán dá reachtáil ar Inis Mór i mbliana.


Théis féile na bliana seo caite, mheas coiste Phléaráca gur theastaigh athraithe a chur i bhfeidhm ar an bhféile má bhí sé le maireachtáil. Nuair a bunaíodh an fhéile ar dtús i 1991, socraíodh gur ag deireadh an tSamhraidh a chuirfí ar bun é. An bunús a bhí leis seo ná go mbeadh scoláirí Gaeilge agus cuairteoirí an tSamhraidh imithe agus go mbeadh seans ag muintir Chonamara ceiliúradh a dhéanamh ar a gcultúr féin sula dtosódh na trathnóntaí ag éirí dorcha. D'éirigh leis an bhfoirmle seo ar feadh roinnt mhaith blianta. Bhíodh imeachtaí na féile scaipithe ar fud Chonamara, ó Charna go Bearna. Cé go raibh a chuid deacrachtaí féin ag baint leis seo, bhí coiste deonach gníomhach ag an bhféile le ionadaíocht óna ceantair ar fad agus bhí go leor cúnamh ar fáil chomh maith ó oibrithe ar scéimeanna FÁS chun go leor tascanna a dhéanamh ar nós postaeir agus irisí a scaipeadh, airgead a bhailiú ag doirse agus cúnamh a thabhairt maidir le riarachán ag taispeántais agus comórtais. Ach de réir mar a chuaigh na blianta thart tháinig athraithe, rud a tharlaíonn de réir nádúr an tsaoil. Tháing feabhas ar an saol i gConamara. Eagraíodh i bhfad níos mó féilte ná mar a bhíodh ann roimhe sin, go háirithe féilte bád agus curachaí, chomh maith le féilte sean-nóis, damhsa, óige agus go leor eile. Rud iontach a bhí anseo ach chiallaigh sé dhá ní do Phléaráca.

Daoine a bhíodh gníomhach nó a bheadh ar fáil cheana chun cuidiú le Pléaráca, bhí a gcuid imeachtaí nó féilte áitiúla féin acu. Chomh maith leis sin faoin am a dtarlaíodh Féile an Phléaráca, bhíodh an oiread féilte curtha díobh ag an bpobal ar feadh an tSamhraidh nach raibh an oiread sin suime nó fuinnimh fanta ag daoine freastal ar imeachtaí.

D'fheabhsaigh an saol ó thaobh fostaíochta agus chiallaigh seo nach raibh am ag daoine an oiread sin obair dheonach a dhéanamh. Laghdaigh na scéimeanna FÁS (comhartha fholláin!) agus chiallaigh sé seo nach raibh cúnamh le fáil ón bhfoinse seo níos mó.

I 2002, d'athraigh Pléaráca an fhéile ó thús Mheán-Fómhair go tús Deireadh-Fómhair. Chun go mbeifí in-ann freastal níos fearr a dhéanamh ar scoileanna a déanadh é seo. Ní bhíodh scoileanna ach díreach oscailte théis saoire fhada an tSamhraidh agus bhíodh sé deacair clár a aontú leo nuair nach raibh said ach díreach ag tosnú ar an scoilbhliain nua. D'oibrigh na dátaí nua go maith ó thaobh comhoibriú na scoileanna ach bhí an fhéile anois ag tarlú beagán ró-dheireanach sa mbliain, bhí na trathnóntaí ag fáil dorcha agus ní fhéadfá brath ar an aimsir go háirithe ó thaobh imeachtaí farraige de.

Is de bharr na n-athraithe seo uilig thar na mblianta a rinne coiste na féile an cinneadh i mbliana go mbeadh dhá athrú mór ar fhéile Phléaráca sna blianta romhainn, sin gur i dtús an tSamhraidh a d'eagrófaí an fhéile níos mó agus gur i gceantar amháin a bheadh na himeachtaí ar fad! Agus cén áit ab fhearr chun an fhoirmle nua seo a thriail amach ná in Árann. Fuair muid cuireadh sách minic agus bhain Séamus Jamesie corr sclámh asainn nuair a sheol sé an fhéile ar an gCeathrú Rua cupla bliain ó shoin. Chuir muintir Árann na mílte fáilte romhainn agus chuir said coiste áitiúil fuinniúil le chéile. Fuair muid chuile chomhoibriú ó fhoireann an chomharchumainn agus chuir said a gcuid ama agus spáis ar fáil go flaithiúil. Tá réimse leathan imeachtaí i gclár na féile agus tá súil againn go mbainfidh sibh uilig sásamh agus spraoi as. Go mba fada buan iad muintir na noiléan!



Ciclipéid suas chun dáta an leabhar seo do léitheoirí bunscoile, ó na meánranganna suas. Eolas ar an gcine daonna, an saol mórthimpeall agus ar an domhan mór. 190 leathanach lomlán d'fhiricí suimiúla agus de phictiúir lándaite. Roinnte ina naoi roinn atá sé: An Cholainn; Plandaí agus Ainmhithe; An Domhan; Pláinéid agus Réaltaí; An Eolaíocht agus an Teicneolaíocht; Na hEalaíona; An tSochaí ina mairimid; An Stair; Tíortha.

Encyclopedia with information about the human race, the world around us and the wider world. 190 pages full of interesting facts and illustrated in full colour throughout. A wonderful resource for teachers and pupils alike. Suitable for Third Class and older.

ISBN 978-1-85791-634-8 €16.50 Crua

Le ceannach i siopaí leabhar nó le hordú tríd an bpost uathu seo:

AN GÚM

CLÓ IAR-CHONNACHTA 091-593 307
AN SIOPA LEABHAR 01-478 3814

Foras na Gaeilge